An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

2024

**Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta a fuair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

Faoi Alt 22 (5) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht) ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú lena leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus chun aon ghníomh a rinneadh a shonrú, más ann dá leithéid. Níor cheart go gcuimseofaí faisnéis sa tuarascáil a d'fhéadfadh go mbeadh na daoine a bhfuil na nochtuithe á ndéanamh acu inaitheanta mar thoradh uirthi.

Déantar an tuarascáil seo don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Roinn) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, de bhun alt 22(5) den Acht.

Tar éis tosach feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 ar an 1 Eanáir 2023 agus de réir mar a cheanglaítear leis an Acht, bhunaigh an Roinn cainéal tuairiscithe inmheánach tiomnaithe chun an fhoireann a éascú maidir le héagóir fhéideartha a thuairisciú. Chomh maith leis sin, tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag an Roinn chun cabhrú leis an bhfoireann tuarascáil a dhéanamh.

In 2024 fuarthas aon tuairisc amháin maidir le nochtadh cosanta féideartha trí chainéal tuairiscithe inmheánach na Roinne agus chuir Oifig an Choimisiúin um Nochtuithe Cosanta (OCNC) cúig thuairisc eile chuig an Roinn.

Go hachomair, áiríodh leis na hábhair a ardaíodh:

- Tuairisc gan ainm a chuir an OCNC faoi bhráid na Roinne ina léiríodh imní maidir le cuideachta a cheadaíonn do dhaoine ar Cheadanna Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha oibriú ón gcoigríoch de shárú ar choinníollacha a gceada. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus, bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta a cuireadh ar fáil, níor aimsigh sí aon fhianaise prima facie ar éagóir de réir bhrí an Achta.

- Comhfhreagras a chuir an OCNC faoi bhráid na Roinne, ina léiríodh imní nach dtacaíonn comhlacht Stáit faoi shainchúram na Roinne le FBManna agus iomaíocht éagórach á maíomh acu i gcoinne comhlachtaí stáit. Tar éis measúnú na Roinne ar an tuarascáil, socraíodh nach nochtadh cosanta de réir bhrí an Achta a bhí san ábhar seo.

- Chuir an OCNC dhá thuarascáil ar leith faoi bhráid na Roinne ó bheirt daoine ina ardaíodh líomhaintí maidir le calaois inimirce agus breabaireacht ag comhlacht ainmnithe. Rinne an Roinn measúnú ar an dá thuarascáil agus fuair sí amach nach raibh aon fhianaise prima facie ar éagóir de réir bhrí an Achta.

- D'ardaigh tuarascáil ó dhuine den phobal chuig an Roinn líomhaintí faoi chlaontacht i gcomhlacht poiblí faoina sainchúram. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus fuair sí amach nach raibh aon fhianaise prima facie ann go raibh éagóir ann de réir bhrí an Achta.

- Tuarascáil a chuir an OCNC faoi bhráid na Roinne, maidir le sáruithe líomhnaithe ar Reachtaíocht um Cheadanna Fostaíochta. Cuireadh an tuarascáil ar ais chuig an OCNC a d'aontaigh go raibh an t-ábhar lenar bhain an tuarascáil níos ábhartha don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

- Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta ó oibrithe na Roinne sa tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo.

Feabhra 2025